

Íomhá le caoinchead Emma Kavanagh, Mid-West School for the Deaf, Luimneach

ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

# Comhdháil Fhíorúil Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas

## Clár na nImeachtaí

artsineducation.ie

## Eochairaitheasc Oscailte

Eochairaitheasc Oscailte

**6pm Dé Luain 15 Samhain**

**How and Why Dance, Music and Storytelling Might Well Support Critical Cognitive Development in Children and Youth**


Adele Diamond

Roinneann an tOllamh Adele Diamond, Cathaoirleach Research Canada le Néareolaíocht in Ollscoil British Columbia in Vancouver léargais maidir le tábhacht na n-ealaíon agus na cruthaitheachta i bhforbairt chognaíoch páistí.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom & Facebook Live**

## Sraith 'ag comhrá le...'

**6pm Dé Máirt 16 Samhain**

**Demystifying Arts Career Paths**


Aoibhie McCarthy


Kate McElroy

Beidh Aoibhie McCarthy, Stiúrthóir Ealaíonta Sample-Studios agus Bainisteoir Cláir Chlár na nGairmeacha Ealaíonta Chorcaí, ag comhraí le Kate McElroy, ealaíontóir agus teagascóir, chun a gcuid taithí a roinnt maidir le clár píolótach na nGairmeacha Ealaíonta Chorcaí.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom & Facebook Live**

**6pm Déardaoin 18 Samhain**

**Zoom Out: New and Emerging Technologies in Arts Education**


Jürgen Simpson


Eibhlin Campbell


Adam Stoneman

Cén chuma atá ar oideachas ealaíne i ndiaidh Zoom? Má bhíonn an t-oideachas digiteach le fanacht, cén ról a bheidh aige sna seomraí ranga, sna dánlanna agus sna stiúideonna amach anseo? Labhraíonn Jürgen Simpson agus Adam Stoneman, taighdeoirí, leis an ealaíontóir Eibhlin Campbell mar gheall ar thaighde agus cleachtas le déanaí chun iniúchadh a dhéanamh ar an teicneolaíocht dhigiteach san oideachas ealaíne.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom & Facebook Live**

Comhdháil Fhíorúil Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas Samhain 2021
Clár na nImeachtaí

## 6pm Dé hAoine 19 Samhain

**Reflections on International Teacher-Artist Partnership (I-TAP-PD)**


Jennifer Buggie


Manja Eland


Eirini Marna

Labhraíonn Jennifer Buggie, múinteoir agus éascaitheoir ceannasach na Comhpháirtíochta idir Múinteoirí agus Ealaíontóirí le Manja Eland ó Stichting Kopa, an Ísiltír agus Eirini Marna ó Hellenic Theatre/ Drama & Education Network sa Ghréig agus roinneann siad a gcuid taithí ar an gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta idir Múinteoirí agus Ealaíontóirí (I-TAP-PD).

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom & Facebook Live**

# Sraithe na nDámhachtainí Doiciméadaithe

## 4pm Dé Céadaoin 17 Samhain

**'Songs of Ourselves' Participative Song Programme**


George Higgs


Noelle Igoe

Roinneann faighteoirí Dhámhachtain Doiciméadaithe na Tairsí 2021, George Higgs, cumadóir, agus Noelle Igoe, múinteoir, an taithí a bhí acu i gclár comhoibrithe amháin 'Songs for Ourselves' le scoláirí ó Scoil Mhuire, Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma arna stiúradh ag The Dock.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom & Facebook Live**

## 7pm Dé Céadaoin 17 Samhain

**'Place' Teacher-Artist Partnership**


Tunde Toth


Alyson Hourigan

Pléann faighteoirí Dhámhachtain Doiciméadaithe na Tairsí 2021, Alyson Hourigan, múinteoir agus Tunde Tothe, amharc-ealaíontóir, an obair a rinne siad le scoláirí ó Scoil Mhichíl Naofa, Baile Átha Í, Co. Chill Dara mar chuid den tionscadal Comhpháirtíochta MúinteoiríEalaíontóirí 'Place', arna stiúradh ag na páistí.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom & Facebook Live**

# Ceardlanna Cruthaitheacha

## 11am Dé Sathairn 20 Samhain
## 3pm Dé Domhnaigh 21 Samhain

**Imagine, Play, Shoot**


Ana Colomer

***Is féidir ticéid a chur in áirithe don Cheardlann Chruthaitheach ón meán lae, 26 Deireadh Fómhair.***

Cuirfidh Ana Colomer, amharc-ealaíontóir, rannpháirtithe ar an eolas maidir leis na bunsonraí a bhaineann le beochan íomhá ar íomhá ag baint úsáid as trí theicníc faoi leith. Ní mór do gach rannpháirtí an aip saor in aisce 'Stop Motion Studio' a íoslódáil.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom**

**11am Dé Sathairn 20 Samhain**
**3pm Dé Domhnaigh 21 Samhain**

## Exploring the Sound Walk


Fiona Linnane

Téimís ar shiúlóid fuaime. Tugann Fiona Linnane, cumadóir, cuireadh do rannpháirtithe iniúchadh a dhéanamh ar fhuaimeanna agus bheith ag éisteacht go gníomhach i ndomhan torannach le gníomhaíochtaí séimhe agus cleachtaí idirghníomhacha.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom**

**3pm Dé Sathairn 20 Samhain**
**11am Dé Domhnaigh 21 Samhain**

## When I Put This Scarf On I'm Going to Pretend To Be...


Sarah Fitzgibbon


Joanna Parkes

Déanfaidh Sarah FitzGibbon, éascaitheoir dráma, agus Joanna Parkes, ealaíontóir, iniúchadh ar na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair i bpost a fheabhsaíonn scileanna teanga scoláirí, á gcumasú le bheith ag éisteacht agus bheith ag freagairt agus ag cumarsáid níos éifeachtaí.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom**

**3pm Dé Sathairn 20 Samhain**
**11am Dé Domhnaigh 21 Samhain**

## When Reality Ends, Imagination Begins


Daithí Ó Murchú

Rachaidh Éascaitheoir Creative Clusters, Daithí Ó Murchú, ar aistear cruthaitheach le rannpháirtithe chun gairdín ealaíonta na bhflaitheas a chruthú agus fócas ar an mbithéagsúlacht.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom**

# Imeacht Dúnta na Comhdhála

**1pm Dé Domhnaigh 21 Samhain**


Jennie Guy

Beidh Eagarthóir na Tairsí, Emma Kavanagh, in éineacht le Jennie Guy, rapóirtéir na comhdhála chun deireadh a chur leis an tseachtain. Is coimeádaí, ealaíontóir, scríbhneoir agus oideachasóir, chomh maith le bunaitheoir agus stiúrthóir Art School, í Jennie Guy, agus roinnfidh sí a cuid smaointe maidir le himeachtaí agus plé na seachtaine.

**CUIR ÁIT IN ÁIRITHE ANSEO Zoom & Facebook Live**

ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

# Comhdháil Fhíorúil Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas Samhain 2021

## Clár na nImeachtaí



Íomhá le caoinchead Gillian Boland, Scoil Íde, Bóthar an Chorrbhaile, Luimneach

ARTS IN EDUCATION Na hEalaíona san Oideachas

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

kids' own PUBLISHING PARTNERSHIP

artsineducation.ie

#AiENatDay
#AiEPortal
@ArtsEdPortal_ie